



Tá fáilte curtha ag an gCoimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, roimh mholadh ón Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirfeadh deireadh le ceann de na bacanna is mó roimh bhunú scoileanna lán-Ghaeilge nua.

I bhfianaise thoradh imscrúdaithe de chuid an Choimisinéara Teanga, tá moladh déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirfeadh béim i bhfad níos mó ar an éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna nua á mbunú.

Faoin gcóras reatha maidir le bunú scoileanna nua sa Stát, is é an pátrún a bhfuil an líon is airde léirithe spéise aige a roghnaítear agus scoil nua á bunú, rud a aithnítear mar bhac mór ar fhorbairt an Ghaeloideachais.

Ach faoin gcóras nua atá á mholadh, níor ghá gur ag an bpátrún atá ag lorg scoil Ghaeilge a bheadh an líon is mó léirithe spéise agus bhunófaí dhá scoil neamhspleách ar a chéile – scoil Bhéarla agus scoil Ghaeilge – dá gcruthófaí go mbeadh éileamh i measc céatadán áirithe tuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge.

Chuir an Coimisinéir fáilte roimh an moladh go gceadófaí scoileanna lán-Ghaeilge nua fiú sa chás nach mbeadh an líon is airde léirithe spéise ag an iarratas ar oideachas trí Ghaeilge.

“Molaim an t-athrú atá beartaithe ag an Roinn Oideachais,” a dúirt an Coimisinéir Teanga, “agus táim ag súil go n-éascóidh sé iarrachtaí tuismitheoirí oideachas trí Ghaeilge a fháil dá bpáistí, más é sin a theastaíonn uathu. Is gá go ndéanfadh an céatadán a shocrófar difear suntasach ó thaobh tógáil scoileanna Gaeilge de, agus is ceart sin a aontú a luaithe agus is féidir.”

As imscrúdú a rinne an Coimisinéir Teanga a d’eascair an t-athrú atá molta ag an Roinn Oideachais maidir lena gcur chuige i dtaobh bunú scoileanna lán-Ghaeilge. Léiríodh san imscrúdú sin gur sárú reachtúil a bhí i gceist nuair nár chuir an Roinn Oideachais an Ghaeilge san áireamh agus pátrún á cheapadh acu do scoil nua i gceantar Dhroim Conrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1.

Dúradh mar chuid den imscrúdú céanna nach raibh an córas a úsáideadh chun scoil nua a sholáthar sa cheantar sin ag teacht mar ba chóir le haidhmeanna an Achta Oideachais maidir le teagasc agus cur chun cinn na Gaeilge.

Is ábhar sásaimh don Choimisinéir freisin go bhfuil sé i gceist ag an Roinn a mholadh gur Gaelscoil ilchreidmheach, faoi chúram an Fhorais Pátrúnachta, a bheadh sa scoil nua atá le bunú i gceantar Dhroim Conrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1, tar éis don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás i gcomhréir le ceann de mholtaí an imscrúdaithe.

Seolfar Tuarascáil Bhliantúil 2017 an Choimisinéara Teanga in Institiúid Oideachais Marino inniu. I measc na staitisticí a foilsíodh, léiríodh gur tháinig laghdú 17% ar líon na ngearán a rinneadh leis an Oifig – ó 768 sa bhliain 2016 go dtí 638 le linn na bliana 2017.

Bhain an tríú cuid de na gearáin a fuair an Oifig le seirbhísí a thagann faoi scáth na scéimeanna teanga. Cuimsítear sa réimse seo seirbhísí ar nós suíomhanna gréasáin, córais ar líne, foirmeacha iarratais agus seirbhísí idirphearsanta. Bhain cuid mhór gearán chomh maith le heaspa Gaeilge ar chomharthaíocht agus ar stáiseanáireacht.

Tháinig an líon is airde gearán ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath (35%), agus mar a tharla anuraidh, is ó na ceantair Ghaeltachta a tháinig gearán amháin as chuile chúig cinn.

Tugtar cuntas sa Tuarascáil Bhliantúil ar na himscrúduithe foirmiúla a tugadh chun críche le linn na bliana mar aon le hobair faireacháin na hOifige. I measc na gcomhlachtaí poiblí a ndearnadh imscrúdú orthu le linn na bliana bhí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge – imscrúdú a bhain le foilsiú a Tuarascála Bliantúla don bhliain 2015 as Béarla amháin. Rinneadh imscrúdú chomh maith ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bhain le freagraí i mBéarla a bheith á n-eisiúint ar chumarsáid i scríbhinn a bhí i nGaeilge. Bhain imscrúdú a rinneadh ar Chomhairle Contae Chorcaí le foilsiú i mBéarla amháin dréacht-Phleananna Forbartha Áitiúla agus le logainmneacha oifigiúla Gaeltachta. Ba é an ceathrú himscrúdú ná an t-imscrúdú maidir leis an soláthar a rinne an Roinn Oideachais don oideachas trí Ghaeilge.

[http://coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail\\_Bhliantuil\\_2017.pdf](http://coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2017.pdf)

**Tuilleadh eolais:** Órla de Búrca (091) 504006/(087) 2307182

 @ceartateanga  eolas@coimisineir.ie